C/2024/6183

16.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11630 – COVH / CDC / SOGECAP / MONT DU CENTRE / PHOENIX BELGIUM)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6183)

1. An 9 Deireadh Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Covivio Hotels SCA ('COVH', an Fhrainc), atá faoi rialú Covivio SA,

— La Caisse des Dépôts et Consignations ('CDC', an Fhrainc), bunaíocht phoiblí de chuid na Fraince,

— SOGECAP SA ('SOGECAP', an Fhrainc), atá faoi rialú deiridh Société Générale S.A. ('Société Générale', an Fhrainc),

— SAS Mont du Centre ('Mont du Centre', an Fhrainc) agus Phoenix Opco Belgium ('Phoenix Belgium', an Bheilg; in éineacht le Mont du Centre, na 'Spriocghnólachtaí', atá faoi rialú deiridh AccorInvest Group SA ('AccorInvest', Lucsamburg) faoi láthair.

Gheobhaidh COVH, CDC agus SOGECAP comhrialú ar an Spriocghnólacht ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá baint ag COVH le húinéireacht agus bainistiú eastáit réadaigh oibríochtúil, go háirithe in earnálacha na n-óstán, na fóillíochta agus na mbialann sa Fhrainc agus san Eoraip,

— Tacaíonn CDC le beartais phoiblí a chuireann na húdaráis stáit agus áitiúla i gcrích, agus trína fhochuideachtaí, oibríonn sé gníomhaíochtaí iomaíocha gnó, sa Fhrainc go príomha,

— Tá SOGECAP gníomhach go príomha in earnáil an árachais saoil sa Fhrainc agus go hidirnáisiúnta,

— Is úinéir cúig ghnólacht óstáin atá lonnaithe sa Fhrainc é Mont du Centre,

— Is úinéir gnólacht óstáin atá lonnaithe sa Bheilg é Phoenix Belgium.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

M.11630 – COVH / CDC / SOGECAP / MONT DU CENTRE / PHOENIX BELGIUM

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË